

Téarmaí Matamaitice

Treoracha agus moltaí

Seo gníomhaíocht a phléann le téarmaíocht na matamaitice. Cuirtear stór focal i láthair agus ansin faigheann na foghlaimeoirí deis na focail sin a chur i gcomhthéacs.

Treoracha


1. Is féidir na foghlaimeoirí a chur i ngrúpaí ar dtús chun ransú intinne a dhéanamh ar na téarmaí a d'fhéadfadh a bheith ar eolas acu cheana féin a bhaineann le cúrsaí matamaitice. Is féidir na focail atá ar eolas acu a bhailiú agus cuid acu a scríobh ar an gclár – ag tabhairt tús áite do chinn nua a thagann chun cinn.
2. Scaip Bileog 1 agus cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí ar Chuid A. Beidh roinnt mínithe agus treorach ag teastáil maidir leis an difríocht idir 'móide' agus 'suimiú' / 'dealú' agus 'lúide' etc.
3. Tá Cuid B dírithe ar na focail i gCuid A a chur i gcomhthéacs.
4. Is féidir na cleachtaí seo a leanúint le plé ar obair bhaile.

Moltaí

Tá gníomhaíochtaí eile ar fáil ar an suíomh www.irishforparents.ie bhaineann úsáid as grianghraif as na téacsleabhair mhata. D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí thíos a cheangal leis na grianghraif sin.

Bileog 1: Téarmaí

A. Ceangail na pictiúir leis na focail



móide, lúide, méadú, dealú, roinnt, deich faoin gcéad, céatadán, deachúlacha, méadaigh, dealaigh, roinn, suimigh, dealaigh, suimiú, dealú

B. An féidir leat na bearnaí a líonadh?

1. Cuir an uimhir sa bhosca. Caithfidh tú an uimhir a _____ sa bhosca.
2. Abair os ard na focail. Caithfidh tú na focail a _____ os ard.
3. Suimigh na huimhreacha. Caithfidh tú na huimhreacha _____.
4. Litriugh na focail. Caithfidh tú na focail a _____.
5. Bailigh na bréagáin. Caithfidh tú na bréagáin a _____.
6. Roinn 81 ar a 9. Caithfidh tú 81 a _____ ar a 9.
7. Scríobh an focal. Caithfidh tú an focal a _____.
8. Méadaigh 4x8. Caithfidh tú 4 a _____ faoi 8.
9. Dealraith na huimhreacha. An gcaithfidh tú na huimhreacha sin a _____?